*Uimhir* 3 *de* 1996

# An tAcht um Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí (Feidhmeanna agus Cumhachtaí), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 3 *de* 1996

# AN tACHT UM CHOIMISINÉIRÍ NA nOIBREACHA POIBLÍ (FEIDHMEANNA AGUS CUMHACHTAÍ), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt


1. Mínithe.
2. Feidhmeanna na gCoimisinéirí.
3. Cumhachtaí na gCoimisinéirí.
4. Údaráis tithíochta do sholáthar cóiríocht chónaithe.
5. Leasú ar Acht 1993.
6. Caiteachais.
7. Gearrtheideal.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| Achtanna na dTithe, 1966 go 1992 | |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941 | 1941, Uimh. 23 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 | 1963, Uimh. 28 |
| An tAcht um Údaráis Stáit (Forbairt agus Bainisteoireacht), 1993 | 1993, Uimh.1 |

*Uimhir* 3 *de* 1996

# AN tACHT UM CHOIMISINÉIRÍ NA nOIBREACHA POIBLÍ (FEIDHMEANNA AGUS CUMHACHTAÍ), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I nDÁIL LE FEIDHMEANNA AGUS CUMHACHTAÍ CHOIMISINÉIRÍ NA nOIBREACHA POIBLÍ IN ÉIRINN AGUS DO LEASÚ AN ACHTA UM ÚDARÁIS STÁIT (FORBAIRT AGUS BAINISTEOIREACHT), 1993.

[6 *Márta* 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Mínithe.

**1.—**San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1993" an tAcht um Údaráis Stáit (Forbairt agus Bainisteoireacht), 1993;

ciallaíonn "na Coimisinéirí" Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn;

tá le "forbairt" an bhrí a shanntar dó le hAcht 1993;

ciallaíonn "an tAire" an tAire Airgeadais;

tá le "údarás Stáit" an bhrí a shanntar dó le hAcht 1993.

Feidhmeanna na gCoimisinéirí.

**2.—**(1) Is feidhm de chuid na gCoimisinéirí agus measfar gurbh fheidhm de chuid na gCoimisinéirí riamh—

(a) talamh agus leasanna nó cearta i dtalamh nó ar thalamh, agus maoin eile d'aon chineál agus leasanna sa mhaoin eile sin, a fháil, a chothabháil, agus a dhiúscairt lena n-úsáid ag an Stát, ag na Coimisinéirí, ag údarás eile Stáit nó ag aon duine eile a shonróidh an tAire,

(b) cibé earraí agus seirbhísí a sholáthar, d'údarás Stáit nó do dhuine a shonróidh an tAire, a theastódh le réasún ón údarás nó ón duine chun críocha fheidhmeanna an údaráis nó an duine,

(c) scéimeanna nó socruithe eile a dhéanamh chun cúnamh a thabhairt, cibé acu i bhfoirm airgid, cóiríocht chónaithe, talún, nó maoin eile d'aon chineál, do dhaoine a mbaineann cruatan

míchuí nó díobháil phearsanta nó caillteanas talún nó maoine eile, nó damáiste do thalamh nó do mhaoin eile, de dheasca tuile,

(d) scéimeanna nó socruithe eile arna ndéanamh de bhun *mhír (c)* agus scéimeanna nó socruithe eile dá dtagraítear sa mhír sin arna ndéanamh ag aon duine eile a chur i gcrích.

(2) I gcás go mbeartóidh na Coimisinéirí diúltú d'iarraidh ó dhuine ar chúnamh a thabhairt faoi *fho-alt (1)(c)* den alt seo, nó d'iarraidh ar chúiteamh a thabhairt faoi *alt 3 (1)(f)* den Acht seo, tabharfaidh na Coimisinéirí fógra i scríbhinn don duine maidir leis an togra agus maidir leis na cúiseanna atá leis agus luafar san fhógra go bhféadfaidh an duine uiríll a dhéanamh chuig na Coimisinéirí i ndáil leis an togra tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis don duine an fógra a fháil.

(3) I gcás go bhfaighidh duine fógra faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an duine, laistigh de 7 lá tar éis an fógra sin a fháil, uiríll a dhéanamh chuig na Coimisinéirí i ndáil leis an togra lena mbaineann sé.

(4) I gcás go bhfaighidh na Coimisinéirí uiríll faoi *fho-alt (3)* den alt seo, cuirfidh siad faoi deara air sin iad a tharchur chun an Aire agus déanfaidh an tAire, laistigh de 21 lá tar éis na huiríll sin a fháil, an togra agus na huiríll a bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ceart cúnamh a thabhairt don duine lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, cúiteamh a íoc leis an duine lena mbaineann, agus tabharfaidh na Coimisinéirí éifeacht don chinneadh agus tabharfaidh siad fógra i scríbhinn don duine ina thaobh.

(5) Déanfar na feidhmeanna a shonraítear i *míreanna (c)* agus *(d) d'fho-alt (1)* den alt seo a chomhlíonadh faoi réir treorú ón Aire.

(6) Ní dhéanfar *fo-alt (1)* den alt seo a fhorléiriú mar fho-alt lena bhforchuirtear dualgas nó oibleagáid ar an Stát nó ar na Coimisinéirí nó ar aon údarás Stáit eile scéim dá dtagraítear san fho-alt sin a dhéanamh nó a chur i gcrích.

Cumhachtaí na gCoimisinéirí.

**3.—**(1) Beidh cumhacht ag na Coimisinéirí, agus measfar go raibh cumhacht acu riamh—

(a) talamh nó maoin eile d'aon chineál a mhorgáistiú nó talamh, nó maoin eile den sórt sin, a chur faoi mhuirear ar shlí eile chun airgead a íoc,

(b) foirgnimh nó déanmhais nó oibreacha eile nó maoin eile d'aon chineál a scartáil,

(c) forbairt a dhéanamh, cibé acu ar tháille a íoc nó saor in aisce, mar ghníomhairí d'údarás eile Stáit, d'údarás áitiúil (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 1941) nó do bhord sláinte nó d'aon duine eile,

(d) forbairt a dhéanamh i gcomhpháirt le duine eile ar cibé téarmaí agus coinníollacha, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, a chinnfidh na Coimisinéirí,

(e) comhlíonadh nó feidhmiú aon fheidhmeanna nó aon chumhachtaí dá gcuid ag duine eile thar a gceann a thabhairt i gcrích, ar cibé téarmaí agus coinníollacha, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, a chinnfidh siad, agus

(f) chun críoch scéime dá dtagraítear in *alt 2*, dul isteach, gach tráth réasúnach, ag comhaltaí dá bhfoireann nó ag a ngníomhairí, i dteannta nó d'éagmais feithiclí, innealra nó trealamh eile, ar thalamh atá ar áitiú ag duine lena mbaineann an scéim nó, le toiliú an áititheora (ar toiliú é nach gcoimeádfar siar go míréasúnach), ar thalamh atá tadhlach leis an talamh sin, faoi réir cúiteamh a íoc leis an duine dá ndéantar difear, ar cúiteamh é ina mbeidh cibé méid (más ann) a mheasfaidh na Coimisinéirí is réasúnach i leith aon díobháil, caillteanas nó damáiste arb é an dul isteach sin nó arb iad aon oibríochtaí a dhéanfaidh na comhaltaí nó na gníomhairí ar an talamh is cúis léi nó leis.

(2) Maidir leis na feidhmeanna agus na cumhachtaí a shonraítear in *ailt 2* agus *4* den Acht seo agus san alt seo, ní feidhmeanna agus cumhachtaí iad in ionad aon fheidhmeanna nó aon chumhachtaí eile arna dtabhairt do na Coimisinéirí díreach roimh an Acht seo a rith.

(3) Ní dhéanfar na feidhmeanna agus na cumhachtaí a shonraítear in *ailt 2* agus *4* den Acht seo agus san alt seo a chomhlíonadh nó a fheidhmiú ach amháin le toiliú (ginearálta nó sonrach) an Aire.

(4) Beidh ag na Coimisinéirí, agus measfar go raibh acu riamh, na cumhachtaí sin uile is gá nó is fóirsteanach, i dtuairim na gCoimisinéirí, chun na feidhmeanna agus na cumhachtaí a shonraítear in *ailt 2* agus *4* den Acht seo agus san alt seo a chomhlíonadh nó a fheidhmiú.

Údaráis tithíochta do sholáthar cóiríocht chónaithe.

**4.**—(1) I gcás go mbeidh, de bhun scéim dá dtagraítear in *alt 2* den Acht seo, cóiríocht chónaithe le soláthar in aon áit, féadfaidh na Coimisinéirí socrú a dhéanamh leis an údarás tithíochta (de réir bhrí Achtanna na dTithe, 1966 go 1992) maidir leis an údarás, ag gníomhú mar ghníomhaire do na Coimisinéirí dó, do sholáthar na cóiríochta sin ar cibé téarmaí agus coinníollacha ar a gcomhaontóidh na Coimisinéirí agus an t-údarás.

(2) Ní dhéanfar *fo-alt (1)* a fhorléiriú mar fho-alt lena bhforchuirtear ar údarás tithíochta dá dtagraítear san fho-alt sin dualgas nó oibleagáid chun cóiríocht chónaithe a sholáthar.

Leasú ar Acht 1993.

**5.**—Déanfar na tagairtí do thalamh in alt 2 (6) d'Acht 1993 a fhorléiriú mar thagairtí do thalamh de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963.

Caiteachais.

**6.**—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas agus déanfar na caiteachais a thabhóidh údarás Stáit seachas an tAire a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal.

**7.**—Féadfar an tAcht um Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí (Feidhmeanna agus Cumhachtaí), 1996 a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 107788. 42. 8/22. Essentra. (93712). Gr.30-15.

9 781399 303866